Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh (POS).

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.687 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagadh amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Stiúrthóir.  Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.  Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith na Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Tá mé ag brath orthu siúd agus ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Sheirbhísí Chomhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Tá an staid reatha maidir leis an timpeallacht airgeadais agus rialaithe, leis an gcreat nós imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le iniúchadh inmheánach leagtha amach anseo thíos:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear sa chreatlach na heilimintí a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Dearbhaím comhlíonadh na hOifige le linn 2018 leis na nósanna imeachta seo ach amháin i gcás caiteachas ar luach €211,082 maidir le ceithre chonradh a thar-rolladh ionas go gcríochnófaí próisis tairisceana. Bhain trí chonradh le teileachumarsáid agus bhain conradh amháin le seirbhísí lónadóireachta. In 2018, tugadh faoi phróiseas tairisceana maidir le dhá chonradh agus táthar ag súil an dá cheann eile a chríochnú le linn 2019.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit lena n-aithnítear na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta (BB) athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ar bhonn leathbhliantúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh-rioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh-rialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

26 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chlár staidrimh bhliantúil | 50,347 | 48,486 | 46,269 |
| | **Ollchaiteachas** | **50,347** | **48,486** | **46,269** |
| | *Lúide* | | | |
| **B** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,601** | **1,427** | **1,542** |
| | **Glanchaiteachas** | **48,746** | **47,059** | **44,727** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,686,701** | **3,856,323** |

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

26 Márta 2019

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 37,947 | 36,080 |
| Neamhphá | | 10,539 | 10,189 |
| **Ollchaiteachas** | | **48,486** | **46,269** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,427** | **1,542** |
| **Glanchaiteachas** | | **47,059** | **44,727** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (1,404) | | |
| Dímheas | 1,952 | | |
| | | 548 | 3,531 |
| | | | |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (239) | | |
| Méadú ar stoc | (11) | | |
| | | (250) | 190 |
| **Caiteachas díreach** | | **47,357** | **48,448** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,083 | 7,718 |
| Measchíosanna | | 1,646 | 1,568 |
| **Glanchostas chláir** | | **57,086** | **57,734** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid seo a leanas i ndáil le Vóta 4 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,781 | 1,760 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Líuntais Scoir | 4,978 | 4,796 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,238 | 1,057 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 86 | 105 |
| | **8,083** | **7,718** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,600 | 7,239 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | (145) | 327 |
| Stoic | 2.4 | 54 | 43 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,054 | 781 |
| Ioncam fabhraithe | | 445 | 313 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 413 | 328 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 896 | 807 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,717** | **2,599** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 503 | 427 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,163 | 1,462 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,666** | **1,889** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,051 | 710 |
| **Glansócmhainní** | | **7,651** | **7,949** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **7,651** | **7,949** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | €000 | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 7,949 | 11,669 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 48,746 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,687) | | |
| Vóta glan | | | 47,059 | 44,728 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 8,083 | 7,718 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 1,646 | 1,568 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (57,086) | (57,734) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **7,651** | **7,949** |

## 2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 34 | 66,401 | 3,424 | 258 | 70,117 |
| Breiseanna | — | 372 | 20 | 921 | 1,313 |
| Diúscairtí | — | (365) | (75) | — | (440) |
| A cuireadh in úsáid | — | 310 | — | (310) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 34 | 66,718 | 3,369 | 869 | 70,990 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 34 | 59,575 | 3,269 | — | 62,878 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,918 | 34 | — | 1,952 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (365) | (75) | — | (440) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | **34** | **61,128** | **3,228** | **—** | **64,390** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **—** | **5,590** | **141** | **869** | **6,600** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | — | 6,826 | 155 | 258 | 7,239 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an Phámháistir Ghinearálta | (177) | 245 |
| Iarmhéid chuntas bhainc thráchtála | 31 | 81 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **(145)** | **327** |

## 2.4 Stoic

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 41 | 33 |
| Ábhar inchaite TF | 13 | 10 |
| | 54 | 43 |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas tuarastail inaisíoctha | 155 | 170 |
| Costais taistil inaisíoctha | 15 | 19 |
| Scéim pas taistil inaisíoctha | 34 | 17 |
| Iarmhéid ar fionraí Oifig na nOibreacha Poiblí | 87 | 83 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 122 | 39 |
| | 413 | 328 |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 431 | 564 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 303 | 391 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 38 | 8 |
| Cáin Bhreisluacha | 15 | 35 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 97 | 94 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 92 | 133 |
| | 976 | 1,225 |
| Asbhaintí den phárolla á gcoinneáil ar fionraí | 175 | 188 |
| Iarmhéideanna dochair eile ar fionraí | 12 | 49 |
| | 1,163 | 1,462 |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,687 | 3,856 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,583) | (4,663) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(896)** | **(807)** |
| **Arbh ionannas dó:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (145) | 327 |
| Iarmhéideanna dochair:ar fionraí | 412 | 328 |
| | 267 | 655 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (976) | (1,225) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (187) | (237) |
| | (1,163) | (1,462) |
| | **(896)** | **(807)** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthair earraí agus seirbhísí | 5,467 | 5,083 |
| **Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí** | **5,467** | **5,083** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán de dhliteanais aibithe | 1 | 25 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig ina pháirtí in imeachtaí dlí atá ar feitheamh as a d'fhéadfadh dliteanais eascairt, ag braith ar thorthaí na dlíthíochta. Ní deimhin méid nó cá huair ina thiocfadh dliteanais fhéidearthachta chun cinn.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 40,188 | 37,947 | 36,080 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,200 | 1,316 | 1,348 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,100 | 1,268 | 1,439 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 796 | 797 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,103 | 4,599 | 3,907 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,000 | 1,138 | 1,057 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 70 | 63 | 69 |
| viii | Bailiú staitisticí | 1,886 | 1,359 | 1,572 |
| | | **50,347** | **48,486** | **46,269** |

***Athrúcháin shuntasacha***

Rangaítear an caiteachas vóta go léir mar chaiteachas riaracháin. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus dar luach €100,000).

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: € 40.188 milliún, Toradh: € 37.947 milliún

Bhí laghdú €2.241milliún i gcaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais de bharr an soláthar meastacháin a bheith bunaithe ar líon foirne de 801, mar a sonraítear san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe. Bhí líon foirne meánach don bhliain níos lú ná seo ag 745 ach d’athraigh sé ó mhí go mí mar gheall ar obair thimthriallach na hOifige. Lean folúntas ag leibhéil Staitisteora agus TF/teicniúil ar feadh 2018 toisc an margadh do bhaill foirne incháilithe leis na scileanna staitistiúla/anailísithe agus TF a bheith an-iomaíoch go fóill. Ina theannta sin, tháinig moill ar earcaíocht i ngráid áirithe seirbhíse ginearálta toisc nach raibh painéil lárnacha ar fáil.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: € 4.103 milliún, toradh: €4.599 milliún

Bhí méadú €496,000 i gcaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha de bharr méaduithe dosheachanta agus leanúnach i dtáillí tacaíochta TF agus uasghrádaithe ar sheirbhísí lárnacha gnó.

*viii* *Bailiú staitisticí*

Soláthar meastacháin: €1.886 milliún, toradh: €1.359 milliún

Bhí laghdú €527,000 i gcaiteachas ar bhailiú staitisticí de bharr costais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leo bainteach le feidhmiú ionad glaonna a úsáidtear i gcomhair roinnt freagraí ar shuirbhéanna líon tí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 62 | 277 |
| 2. | Ilghnéitheach | 70 | 32 | 70 |
| 3. | Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,401 | 1,333 | 1,195 |
| | **Iomlán** | **1,601** | **1,427** | **1,542** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí €174,000 ní ba lú de leithreasaí-i-gcabhair ná mar a bhí tuartha.

Mínítear a ba chúis leis an athraithis anseo thíos:

*1* *Fáltais ón Aontas Eorpach*

Soláthar mheastacháin: €130,000, toradh: €62,000

Fáltais ón AE níos lú ná mar a bhíothas ag súil leo a ba chúis leis an easnamh €68,000 in 2018. Eisíodh ráiteas na gcostas maidir le Suirbhé Struchtúir Feirme 2016 i Meitheamh 2018 ar luach €201,000 ach ní bhfuarthas íocaíocht ina leith faoi 31 Nollaig 2018. Déantar íocaíochtaí tar éis don POS na torthaí a chur isteach agus braitheann siad ar ghlacadh Eurostat leis gur torthaí sásúla atá tugtha . Mar gheall air seo, bíonn sé deacair tuar cruinn a tabhairt ar cathain gur féidir a bheith ag súil le méideanna dlite a fháil.

*2* *Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €70,000 toradh: €32,000

Beartas na hOifige staitisticí uile a chur ar fáil saor in aisce ar an idirlíon a ba chúis leis an easnamh €38,000.

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 Líon fostaithe (cobhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | 772 | 737 |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 35,048 | 33,371 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 94 | 110 |
| Liúntais eile | 93 | 79 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 75 | 68 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,637 | 2,452 |
| **Pá iomlán** | **37,947** | **36,080** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 50 | — | 8,005 | 7,522 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinreamh breise | 16 | 1 | 16,978 | 15,059 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus a bheith ar uainchlár | 12 | — | 9,217 | 9,007 |
| Ilghnéitheach | 1 | — | 7,050 | 6,961 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 19 | 4 | 24,285 | 22,266 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí luach €52,817 i ró-íocaíochtaí don bhliain (2017: €107,083). Ag deireadh na bliana bhí 60 cás eile ag fanacht ar shocrú aisghabhála. Astu sin, tá luach measta €88,046 le 52 cás.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do dhícheall staidrimh

Bhronn an Oifig duaiseanna airgead dar luach €3,220 in 2018 (€3,210 in 2017) mar chuid den ochtú eagrán de chomórtas Bhonn Staidrimh John Hooper. Bhí an comórtas seo ar oscailt do dhaltaí meánscoile.

### 6.2 Maoiniú AE

Faigheann an Oifig maoiniú maidir le tionscadail/suirbhéanna a reáchtáiltear thar ceann Eurostat. Le linn 2018, fuair an Oifig €61,791 in ioncam AE de bhun conartha maidir le paireacht chumhachta ceannaigh a éascaíonn comparáid a dhéanamh ar phraghsanna i bpríomhchathracha. Tá an maoiniú seo sainithe mar leithreasaí-i-gcabhair in 2018. Tabhófar an caiteachas bainteach leis an obair seo in 2019 go príomha agus luaifear faoi Mhírcheann A (i) é.

### 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | 2018 | | | | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag:** | | | | | | |
| Fostaithe | — | — | — | — | — | 20 |
| Baill an phobail | — | — | — | — | — | 86 |
| | | — | — | — | — | 106 |